MY GREAT PLACES AND SPACES

A Mhúinteoir, a chara,

Míle buíochas as ucht glacadh leis an gcuireadh chun tabhairt faoin obair seo agus a bheith mar chuid den tionscadal iontach seo. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo áiteanna agus spásanna áitiúla agus nádúrtha sa timpeallacht áitiúil agus go háirithe i gContae Ciarraí atá saor in aisce a chur chun cinn. Tá an tionscadal seo dírithe ar pháistí ó Rang 3 go rang 6.

Ceangailte le seo gheobhaidh tú 'bileog na bpáistí' ina iarrtar a leanas ar na páistí:

"Scríobh píosa beag mar gheall ar áit nó spás lasmuigh ina thaitníonn sé leat am a chaitheamh ann, atá saor le húsáid, atá in aice le d'áit cónaithe agus atá lonnaithe áit éigin i gContae Chiarraí. Inis dúinn cá bhfuil an áit seo agus cad a thaitníonn is mó leat mar gheall ar an áit. Tá suim faoi leith againn cloisint faoi áiteanna laethúla agus áiteanna iontais!"

Mar mhúinteoir, is féidir leat an ghníomhaíocht seo a dhéanamh pé slí gur mhaith leat féin.
Anseo thíos tá moladh nó dhó chun cabhrú leat.

- **Iarr ar na páistí a súile a dhúnadh agus smaoineamh ar spás lasmuigh atá gairid dá n'áit cónaithe. Áit éigin a thaitníonn leo a bheith agus atá saor in aisce chun a bheith ann.**
- **Samhlaigh anois…cad atá á dhéanamh agat san áit seo? Cad a fheiceann tú/ cloiseann tú/ mothaíonn tú? An bhfuil boladh/blaiseadh le fáil is tú ag smaoineamh faoi a bheith san áit seo?**
- **Cad é an uair dheireanach ina raibh tú ann? Cad a bhí ar siúl agat ann? Cé a bhí ann leat?**

(Tabhair cúpla nóiméad do na páistí an machnamh seo a dhéanamh ina n-aonar)

MY GREAT PLACES AND SPACES

Mar Ghrúpa:

- **Fiafraigh de na páistí cad iad na háiteanna inar smaoinigh siad orthu atá lasmuigh faoin aer agus saor in aisce.**
- **Fiafraigh cén fáth gur smaoinigh siad ar an áit seo? Cad é an rud is mó a thaitin leo faoin áit?**
- **Fiafraigh cé a bhí ina gcomhluadar nuair a bhí siad ann?**
- **Cuir ceist orthu conas a mhothaíonn siad is iad san áit seo? (Mar shampla: sona, socair, eachtrúil, gairid don dúlra, suaimhneach srl)**
- **Fiafraigh de na páistí go ginearálta, cé mhéid ama a chaitheann siad amuigh faoin aer?**
- **Fiafraigh conas mar a mhothaíonn siad faoi a bheith amuigh faoin aer agus cén fáth gur dóigh leo go mbíonn an t-aer úr go maith dúinn? m.sh. braitheann tú go maith/sásta, laghdaíonn sé imní, tacaíonn sé leis an aclaíocht, tugann sé an deis dúinn am a chaitheamh le cairde/teaghlach, bíonn spraoi i gceist, vitimín D, ligeann tú do scíth, tugann sé fuinneamh duit.**
- **Fiafraigh de na páistí dá mbeadh orthu píosa a scríobh faoin áit seo nó é a tharraingt, cad iad na focail/ pictiúirí meabhrúcháin/dathanna srl., a thiocfadh chun cuimhne?**
- **Cuir iachaill ar na páistí a shamhlú go bhfuil siad á chur faoi agallamh mar gheall ar an áit seo don raidió nó don teilifís, cad a dhéarfaidís?**

Cuir 'bileog oibre an pháiste' i láthair agus mínigh go bhfuil an tionscadal seo á dhéanamh ag ana chuid scoileanna i gCiarraí Thuaidh, Theas, Thoir agus Thiar. Beidh páistí ó scoileanna éagsúla ar fud an chontae ag tarraingt agus ag scríobh faoi na háiteanna is fearr leo agus beidh a scoil féin mar chuid den tionscadal mór seo freisin.

Léigh tríd 'bileog oibre an pháiste' agus mínigh go seolfar gach pictiúr chuig an t-Ionad Oideachais i dTrá Lí, áit ina gcuirtear iad ar thaispeáint thar míonna difriúla tríd na bliana, ionas gur féidir le gach duine iad a fheiscint! Ansin, roghnófar cuid acu chun léarscáil ollmhór a chur le chéile d'áiteanna éagsúla timpeall an chontae a bheidh ar fáil do leanaí agus teaglaigh an chontae. Seans go mbeidh an léarscáil ar fáil in áiteanna poiblí ar nós leabharlainne agus scoileanna amach anseo freisin.

Abair leo, thar aon rud eile, go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaidh siad a ndícheall agus go mbainfidh siad sult, spraoi agus taitneamh as!